

PREASEISIÚINT

LE FOILSIÚ LÁITHREACH
30 Deireadh Fómhair 2020

RÉAMH-FHÓGAIRT AR CHOMÓRTAIS LITEARTHA AN OIREACHTAIS 2021

D'fhógair **An tOireachtas**, i gcomhpháirt le **Gaeloideachas** inniu (30 Deireadh Fómhair 2020), le linn Oireachtas na Samhna 2020 ar líne, go mbeidh comhpháirtíocht nua eatarthu do **Chomórtais Liteartha an Oireachtais 2021**. Trí (3) chomórtas nua, urraithe ag **Gaeloideachas**, a chuirfear ar an siollabas comórtais do 2021. Bronnfar duaischiste de €1,100 thar na comórtais nua uile.

Is comórtais iad seo chun suim sa scríbhneoireacht a spreagadh i measc daltaí bunscoile agus daltaí iar-bhunscoile lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. **Greannán Gaeilge** a bheidh le scríobh ag daltaí bunscoile ó na ranganna 3,4,5,6 agus **Script Ghearrscannáin nó Greannán** a bheidh le scríobh ag daltaí iar-bhunscoile. Beidh dhá rannóg i gceist do na hiarbhunscoileanna – sóisir (blianta 1,2,3) agus sinsear (blianta 5,6). Eiseofar an clár comórtais iomlán agus an fhoirm iontrála don bhliain 2021 i mí na Nollag 2020.

"Is cúis áthais dúinn san Oireachtas go bhfuil muid ag fógairt na gcomórtas nua seo inniu i gcomhpháirt le ceanneagraíocht eile ar an bhFóram Comhpháirtíochta, **Gaeloideachas**," a dúirt **Liam Ó Maolaodha, Stiúrthóir an Oireachtais**. "Is é bunaidhm na gcomórtas liteartha ná freastal ar an ngréasán scríbhneoirí ar fud an domhain agus litríocht agus nua-scríbhneoireacht na Gaeilge a chur chun cinn chomh maith le scríbhneoirí óga nua a mhealladh le dul i mbun pinn. Tá ríméad orm go mbeidh forbairt agus leathnú amach á dhéanamh ar aoisghrúpaí agus ar sheánraí don tsraith comórtais i 2021."

"Gabhann **Gaeloideachas** buíochas mór leis an **Oireachtas** as an deis atá curtha ar fáil tríd an gComórtas Liteartha 2021, ní amháin ceiliúradh a dhéanamh ar shaibhreas na Gaeilge atá i measc dhaltaí na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, ach chomh maith leis sin deis a bheith ar fáil do na daltaí seo bheith páirteach i ngréasán a nascann le chéile iad go cruthaitheach, go samhlaíoch agus go healaíonta tríd an teanga fud fad na tíre", a deir **Bláthnaid Ní Ghréacháin, Ardfheidhmeannach Gaeloideachas**.

Tá ceiliúradh á dhéanamh ar scríbhneoirí na Gaeilge le linn fhéile fhíorúil an Oireachtais le seachtain anuas agus leanfar leis an gceiliúradh sin sa chlár imeachtaí atá beartaithe don chuid eile den fhéile, ina measc, Scéalaíocht, Filíocht agus Ceol le **hAontas na Scríbhneoirí Gaeilge, An Chúirt Filíochta, Léamha Próis - SLIOCHT** agus ceiliúradh **35 bliain de Chló Iar-Chonnacht**. Tá gach eolas maidir le himeachtaí uile na féile ar fáil ar an suíomh gréasáin, www.antoireachtas.ie.

NÓTAÍ DON EAGARTHÓIR

1. Is Ceanneagraíocht é An tOireachtas sa réimse, '**Deiseanna a thacaíonn le hÚsáid na Gaeilge agus Bunú Gréasán**' a fhaigheann bunmhaoiniú ó **Fhoras na Gaeilge**.
2. Rinneadh athbhreithniú agus athstruchtúrú ar shraith na gComórtas liteartha le linn na bliana 2017 agus rinneadh cinneadh nach nglacfar le saothair atá foilsithe cheana féin in aon chomórtas de chuid na gComórtas Liteartha a thuilleadh. Is ar shaothair neamhfhoilsithe amháin a mbeidh Comórtais Liteartha an Oireachtais dírithe orthu ó bhliain 2018 ar aghaidh.
3. Tá cuid de mhórscribhneoirí an chéid seo caite, **Pádraig Mac Piarais, Máirtín Ó Cadhain, Nuala Ní Dhomhnaill, Joe Steve Ó Neachtain** agus **Louis de Paor** i measc iar-bhuaiteoirí na gcomórtas seo.
4. Foilsítear rogha duaisiarrachtaí liteartha ar shuíomh **Books Ireland**, san Iris **Comhar Óg** agus **Bhuel**; nuachtlitir de chuid Ionad na Gaeilge Labhartha, Coláiste na hOllscoile Corcaigh.
5. Bíonn eolas cothrom le dáta i gcónaí ar www.antoireachtas.ie maidir le gníomhaíochtaí uile na heagraíochta
6. Is ceanneagraíocht é Gaeloideachas a thacaíonn le forbairt an oideachas lán-Ghaeilge.
7. Bunaíodh í mar Gaelscoileanna in 1973 le tacú le bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Ó shin, leathnaíodh ról na heagraíochta agus cuireann sí seirbhísí tacaíochta ar fáil anois do scoileanna Gaeltachta agus naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht chomh maith.
8. Bíonn eolas cothrom le dáta i gcónaí ar www.gaeloideachas.ie maidir le gníomhaíochtaí uile na heagraíochta.